music capital scheme

# Bailiúchán Náisiúnta Uirlisí Music Network

Scéim Caipitil Ceoil 2025 – Dámhachtain 4

## AGUISÍN

1. Veidhlín: Alessandro Camilletti (2025)
2. Veidhlín: Fratelli Guastalla (1925)
3. Veidhlín: Voller Brothers (1893)
4. Vióla: Charles John Wilkinson (c. 1935)
5. Dordveidhil & Bogha Maurice Meulien: Dordveidhil Caressa & Francais (1906), le bogha Robert Pierce (2021)
6. Dordveidhil: Roger Hansell, Macasamhail de Davidov-Stradivari (2020)
7. Cláirseach Cheolchoirme: Salvi – Iris Natural (2025)

Music Network
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
the arts council an chomhairle ealaíon funding music

music capital scheme

# Veidhlín: Alessandro Camilletti (2025)

Is uirlis úrnua í seo ó dhuine de na déantóirí is fearr dá bhfuil ann, sin Alessandro Camilletti in Cremona. Rinneadh í mar mhacasamhail de Stradivarius ón ‘Ré Órga’, agus cuireadh cuma sheanaimseartha uirthi le modhanna agus ábhair thraidisiúnta.

35.4cm atá i bhfad na colainne, agus 20.5cm, 10.9cm agus 16.5cm atá ina leithid.



## Veidhlín: Fratelli Guastalla (1925)

Is uirlis Iodálach í seo le Dante & Alfredo Guastalla, a rinneadh in Reggiolo sa bhliain 1925. Is sárshampla sainiúil í an veidhlín seo d'obair na ndeartháireacha Guastalla le linn na tréimhse seo.

35.8cm atá i bhfad na colainne, agus 20.9cm, 10.9cm agus 16.9cm atá ina leithid.



music
capital
scheme

# Veidhlín: Voller Brothers (1893)

Veidhlín bhreá Shasanach í seo leis na Voller Brothers, a rinneadh thart ar an mbliain 1893. Is sárshampla sainiúil d’obair na ndéantóirí í an veidhlín seo.

35.6cm atá i bhfad na colainne, agus 20.6, 11.2cm agus 16.8cm atá ina leithid.





## Vióla: Charles John Wilkinson (c. 1935)

Is féidir Charles John Wilkinson a mheas mar dhuine de na déantóirí veidhlíní is fearr as Sasana tar éis an Chéad Chogadh Domhanda. Tá an vióla fhíorbhreá seo múnlaithe ar chinn mhuintir Testore as Milano.

42cm atá i bhfad na colainne, agus 24.2cm, 13.2cm agus 19.3cm atá ina leithid.



music capital scheme

# Dordveidhil & Bogha Maurice Meulien: Dordveidhil Caressa & Francais (1906), & bogha Robert Pierce (2021)

Dordveidhil bhreá Fhranach de shárcháilíocht toin le Albert Caressa, a rinneadh i bPárás sa bhliain 1906.

Bhí Maurice Meulien ar an bpríomh-dhordveidhleadóir i gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ ó 1950 go 1966, agus sheinn sé ina dhiaidh sin i gCeolfhoireann Uladh agus i gCeolfhoireann Shiansach Londain. Cheannaigh sé an Caressa sna 1950idí.
Bogha dordveidhle le hairgead agus éabann air, agus Robt PIERCE stampáilte air.

76.5cm atá i bhfad na colainne, agus 44cm, 23.8cm agus 34.5cm atá ina leithid.



Féach aguisín le haghaidh faisnéis bhreise faoi na Dordveidhil

# Dordveidhil: Roger Hansell, Macasamhail de Davidov-Stradivari (2020)

Is déantóir téaduirlisí mór le rá é Roger Hansell a bhfuil cáil air as macasamhlacha den chéad scoth d’uirlisí stairiúla a dhéanamh. Is macasamhail den 'Davidov’ ón mbliain 1712 le Antonio Stradivari é an dordveidhil bhreá seo. Tá bail fhoirfe uirthi.

75.7cm atá i bhfad na colainne, agus 43.6 cm, 34.2cm agus 40.5cm atá ina leithid.



music
capital
scheme

## Cláirseach Cheolchoirme: Salvi – Iris Natural

Tugtar an ealaín, an ceol, an dearadh agus an taighde go léir le chéile go foirfe sa chláirseach úrnua Iris Natural seo, ó na déantóirí iomráiteacha Iodálacha Salvi Harps. Tá an áilleacht measctha le scoth na feidhmíochta san uirlis seo. A bhuí le saibhreas toin agus teilgean suntasach fuaime, is iontach an chláirseach í seo d'oirfidigh aonair agus do cheolfhoirne.

187cm ar airde, 100cm ar leithead agus meáchan 39kg atá sa chláirseach 47 dtéad seo.







